Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Bealtaine 2024

Cúrsaí Scoile

Tá na páistí ag déanamh tréan-iarrachta sa ghairdín scoile faoi stúir Neil agus Cairde na Scoile. Sna seomraí ranga, tá biatas, leitís, spionáiste agus bachlóga Bhruiséil curtha ag na páistí. Tá lus na gréine curtha ag chuile pháiste sa scoil, agus beidh siad á chur againn sna boinn sa ghairdín chun tosaigh, go luath. Táimid an-bhródúil as an obair seo ar fad, agus arís gabhaimid buíochas ó chroí do Neil agus Aaron atá ag stiúradh na garraíodóireachta!
The children are working hard in the school garden and under the guidance of Neil and Cairde na Scoile. In the classrooms, the children have planted beets, lettuce, spinach and Brussels sprouts. Every child in the school has planted sunflowers, and we will be planting them in the tires in the front garden, soon. We are very proud of all this work, and again a big thank you to Neil and Aaron who are coordinating all the gardening!

Tá cuairteoirí sna seomraí ranga faoi láthair…Ár gcruimh cabáiste, agus iad ag éirí níos mó chuile lá! I gceann lá nó dhó eile déarfainn beidh siad taobh istigh dá gCrisilid agus beidh seans ag na páistí scoile feitheoireacht a dhéanamh ar an t-athrú go Féileacháin. Táimid ar fad ar bís faoi…agus ag súil go mór na féileacháin a fheiceáil ag deireadh an phróiséis. Táim cinnte go mbeidh na páistí ag insint daoibh faoin scéal ar fad, sna seachtainí atá romhainn.
There are visitors in the classrooms at the moment...Our caterpillars, and they are getting bigger every day! In another day or two I would say they will form their Chrysalids and the children will have a chance to watch metamorphosis to Butterflies. We are all excited about it…and really looking forward to seeing the Painted Ladies at the end of the process. I'm sure the children will be telling you all about it in the coming weeks.

Tá roinnt gasúir ó R2 ag ullmhú go dian do Shacraimint an Chéad Chomaoineach a bhéas ar siúl ar an Satharn an 25ú Bealtaine. Guímid chuile rath orthu agus a gclainnte don lá spesialta.
Some children in R2 are busy preparing for the Sacrament of First Holy Communion which takes place on Saturday the 25th May. We wish them and their families all the best in their preparations for the special day.

Leis an aimsir ag feabhsú agus na páisti taobh amuigh níos minicí, mholfaimid uachtar gréine (agus hataí gréine) a chaitheamh ar scoil. Tá míle fáilte roimh na gasúir bristí gearra a chaitheamh chomh maith.
With the weather improving and the children engaging in more outdoor learning, we would advise them to wear suncream (and sun hats) to school. Feel free to wear shorts too as the weather improves.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Trialacha Caighdeánacha

Is éard is trialacha caighdeánacha ann ná measúnuithe bliantúla i mbunscoileanna na hÉireann chun feidhmíocht dalta a thomhas i gcoinne caighdeáin réamhchinnte. Beidh ár scrúdaithe ar siúl i mí na Bealtaine, ar dhátaí éagsúla thar dhá sheachtain lár na míosa. Cé go gcuireann siad léargais luachmhara ar fáil ar dhul chun cinn acadúil an mhic léinn, tá sé riachtanach a gcuid teorainneacha a thuiscint. Níl sna trialacha seo ach léargas amháin ar chumas an dalta, rud a léiríonn a bhfeidhmíocht ar lá faoi leith.
Tuairiscítear na torthaí don Roinn Oideachais i rang a 2, a 4, agus a 6 chun críocha staitistiúla agus chun eolas a thabhairt do leithdháileadh teagasc oideachais speisialta. Bainimid úsáid astu go hinmheánach freisin mar fhoinse amháin eolais agus muid ag leithdháileadh ár gcuid múinteoireachta tacaíochta.

I ranganna ar leith, déanfaidh na scoláirí trialacha éagsúla a bheidh in oiriúint dá leibhéal:

Rang 1: Déanfaidh daltaí trialacha Gaeilge agus Matamaitice NNRIT (Triail Nua Faisnéise Neamhléitheoireachta) Droim Conrach.

Rang 2: Déanfaidh na scoláirí measúnachtaí Béarla Dhroim Conrach sa Léitheoireacht, sa Mhatamaitic agus i nGaeilge Dhroim Conrach.

Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí i dtacú lena bpáistí trí na measúnuithe seo. Tá sé ríthábhachtach do pháiste a chur ar a suaimhneas roimh agus tar éis na dtrialacha. Bíodh a fhios acu nach rud ar bith imní iad na trialacha seo agus nach bhfuil iontu ach uirlisí chun cabhrú lena múinteoir tuiscint a fháil ar an mbealach is fearr iad a mhúineadh. Má chruthaítear timpeallacht dhearfach agus saor ó strus timpeall na tástála, is féidir leis cabhrú le páistí tabhairt faoi na measúnuithe seo go muiníneach agus gan stró.
Tá sé ríthábhachtach tuiscint nach measúnuithe cuimsitheacha iad trialacha caighdeánaithe ar eolas nó ar láidreachtaí an linbh. Soláthraíonn siad eolas tábhachtach ach teoranta, agus tá sé riachtanach dul chun cinn iomlán an linbh agus a chumais thar na trialacha seo a mheas.
Trí chuspóir agus teorainneacha na dtrialacha caighdeánaithe a thuiscint, is féidir le tuismitheoirí cabhrú lena bpáistí dul chun cinn go hacadúil agus dearcadh dearfach i leith na foghlama a chothú.
Nótaí Tábhachtacha: Tuairisceofar scóir rang a dó do thuismitheoirí leis na tuairiscí deireadh bliana. Seolfar míniú breise ar an scór abhaile sula scaipfear na torthaí. Más rud é go mbeidh do pháiste as láthair i mí na Bealtaine le linn na tástála, cuir an múinteoir ranga ar an eolas le do thoil ionas gur féidir linn a dtriail a athsceidealú más gá.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Standardised tests are assessments conducted annually in Irish primary schools to measure a student's performance against predetermined standards. Ours will take place in the month of May, on various dates over the two middle weeks of the month. While they provide valuable insights into a student's academic progress, it's essential to understand their limitations. These tests are just one snapshot of a student's abilities, representing their performance on a specific day. Results are reported to the Department of Education in 2nd, 4th, and 6th class for statistical purposes and to inform special education teaching allocation.We also use them internally as one source of information when we are allocating our support teaching.

In specific classes, students will take different tests tailored to their level:

> *1st Class: Students will take NNRIT (New non-reading intelligence test) Drumcondra Irish and Mathematics tests.*
>
> *2nd Class: Students will undergo Drumcondra Reading, Mathematics, and Drumcondra Irish assessments.*

Parents play a vital role in supporting their children through these assessments. Reassuring your child before and after the tests is essential. Let them know that these tests are nothing to worry about and are simply tools to help their teacher understand how to teach them best. Creating a positive and stress-free environment around testing can help children approach these assessments with confidence and ease.

It's crucial to emphasise that standardised tests are not comprehensive assessments of a child's knowledge or strengths. They provide important but limited information, and it's essential to consider a child's overall progress and abilities beyond these tests. By understanding the purpose and limitations of standardised tests, parents can help their children succeed academically and foster a positive attitude towards learning.

Important Note: Second class Scores will be reported to parents with the end-of-year reports. A further explainer of the scoring will be sent home before the results are distributed. If your child will be absent in May during testing, please let your class teacher know so we can reschedule their test if needed.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Tráth na gCeist ar son na Scoile

Meabhrú faoin Tráth na gCeist Scoile a bheas ar siúl do phobal na scoile, sa chumann Gailf Bhaile an Bhéibhearaigh ar Aoine 10ú Bealtaine @7:30in. atá mar an phríomh-ócáid tiomsú airgid sa scoilbhliain. Muna bhfuil d'fhoireann chláraithe agiabh go fóill cuirigí rphost chuig cairdenascoile@gaelscoilnamara.ie
Tá na leabhair ticéid imithe abhaile sna fillteán inniu. Táimid ag tabhairt 3 leabhair thicéid do chuile chlann. An praghas atá ar na ticéid ná:

€5 an ticéad nó €20 ar an leabhar de 5 thicéad

Níl aon bhrú ar aon chlann na ticéid ar fad a dhíol

Is féidir aon thicéad nach bhfuil díolta a sheoladh arais chun na scoile agus díolfar iad ar an oíche.
Gabhaimid buíochas le gach duine atá ag cabhrú linn an tiomsú airgid seo a tharraingt le chéile. Má ta breis leabhar thicéid ag teastáil ó éinne, is féidir iad a fháil ó Abina san oifig. Le bhur dtoil cuirigí aon thicéad agus airgead arais go Abina san oifig roimh an Chéadaoin 8ú Bealtaine.
Táimid ag súil go mór le hoíche iontach dúinn ar fad!

Reminder about the School Quiz which will be held for the school community, in the Beavertown Golf club on Friday 10th May @ 7:30pm. which is the main fundraising event of the school year. If you havn't yet registered your quiz team, send an email to cairdenascoile@gaelscoilnamara.ie
The ticket books have gone home in the folders today. We are giving 3 ticket books to each family. The price of the tickets are:

€5 per ticket or €20 for a book of 5 tickets

There is no pressure on any family to sell all tickets

Any unsold tickets can be returned to the school and will be sold on the night.
We thank everyone who is helping us pull this fundraiser together. If anyone needs more ticket books, they can be obtained from Abina in the office. Please return ticket stubbs and money to Abina, on or before **Wednesday 8th May.**
We are looking forward to a great night for all of us!

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Lá Oscailte do Naíonáin Bheaga 2024

Táimid ag súil go mór leis na páistí ó Naíonáin Shóisearacha 2024/25 a fheiceáil sa scoil ar an 21ú Bealtaine, le bualadh lena múinteoir agus cuairt a thabhairt ar an seomra ranga. Beidh oíche eolais do thuismitheoirí amháin ar an 18ú de mhí Meithimh chun rudaí phracticiúl a phlé maidir leis na páistí ag tosnú i Mí Meán Fómhair agus conas tacú leo.
We are really looking forward to welcoming the children from N1 2023/24 to the school on the 21st May, to meet their teacher and visit their classroom for next year. There will be an information evening for parents on the 18th of June, to discuss the practical things parents can do over the summer months to prepare their child for starting school in September.

Cruinnithe Thábhachtach

Beidh dhá chruinniú thábhachtach ar siúl ag deireadh na míosa seo. An chéad ceann na Cruinniú faoi Cheansú Tráchta taobh amuigh den scoil agus conas gur féidir linne tacú lena chéile feabhas a chur ar chúrsaí faoi láthair. Tá cuireadh tugtha chuig na TD áitiúla, comh maith leis na Gardaí phobail. Mar scoil ba bhreá linn córas nua maidine a thriáil i Mí An Mheithimh, chun cabhrú leis an méid trachta sa charrchlós a laghdú. Bheadh sé rí-thábhachtach tuairimí agus smaointe na dtuistí a fháil ionas gur féidir linn oibriú le chéile chun teacht ar réiteach. Beidh an cruinniú seo ar siúl sa scoil oíche Dé Máirt 28 Bealtaine @ 8. Táimid ag súil libh a fheiceáil ann.

Cruinniú eile a bheas ar siúl ná feachtas Ghaelcholáiste #Gaeilge4all a bheas ag teacht le chéile i gClub Fhine Ghallian, i Sórd Déardaoin 30ú Bealtaine @8.
Beidh plé faoi conas nó cad a bheas le déanamh ag an bhfeachtas chun Gaelcholáiste a bhunú don cheantar Sórd/Domhnach Bat/Mullach Íde.
https://www.facebook.com/events/s/oiche-eolais/2448221258719754/

Two important meetings will take place at the end of this month. The first is the meeting about Traffic Calming outside the school and how we can support each other to improve the current situation. The local TDs have been invited, as well as the community gardaí. As a school we would love to try a new morning system in June, to help reduce the amount of traffic in the car park. It would be really important to get the views and ideas of all parents so that we can work together to find a solution. This meeting will take place in the school on Tuesday night 28th May @ 8. We hope to see you there.

Another meeting that will take place is the Gaelcholáiste #Gaeilge4all movement which will be meeting in Fingallians Clubhouse, in Swords on Thursday 30th May @8.
There will be a discussion about how or what should be done through the campaign to establish a Gaelcholáiste for the Swords/Donabate/Malahide area.
https://www.facebook.com/events/s/oiche-eolais/2448221258719754/

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Ciorcal Comhrá

Beidh an Ciorcal Comhrá deireadh na bliana ar siúl do phobal Gaelscoil na Mara, i Mí an Mheithimh. Bíonn céilúradh iontach againn ag an tam seo don bhliain ar an obair agus forbairt atá déanta ag muintir an chiorcail. Beidh tuilleadh eolais maidir le dáta agus ionad á scaipeadh go luath tríd an grúpa WhatsApp. I mbliana tá BYOB i gceist…Bring Your Own Béarlóir!! Fáilte roimh cách.
The end of the year Ciorcal Comhrá will be held for the community of Gaelscoil na Mara, in June. It is usually a great celebration at this time of the year of hard work and diligence by all the ciorcal comhrá members throughout the year. More information regarding date and venue will be circulated soon through the WhatsApp group. This year it's BYOB…Bring Your Own Béarlóir (English speaker)!! The more the merrier.

Turas Scoile/Lá Spóirt

Beidh chuile rang sa scoil ag dul ar thuras scoile go dtí Red Mountain Farm ar Déardaoin 7ú Meitheamh. Beidh fógra ag dul amach ar Aladdin go luath, maidir le costas an turais agus beidh sibh in ann íocaíochtaí scoile a dhéanamh ar líne tríd Aladdin do seo.
Táimid ag súil le Lá Spóirt a chur ar siúl dos na páistí ar Aoine 21ú Mí Meitheamh agus arís beidh tuilleadh eolais le fáil faoi seo ag deireadh na míosa seo.
All classes will be going on a school tour to Red Mountain Farm on Friday 7th June. Keep an eye on Aladdin for more details and payment methods. We are planning to hold a Sports Day for the children on Friday 21st of June and again there will be more information about this at the end of the month.

Aonach Leabhair

Beidh aonach leabhair ag teacht chun na scoile ón gCéadaoin 5ú Meitheamh-Céadaoin 12ú Meitheamh. Bíonn deis ag na páistí agus tuismitheoirí cuairt a thabhairt ar an aonaigh agus roinnt siopadóireachta a dhéanamh don samhradh. Bíonn réimse leathan leabhar difrúla ann agus neart leabhair Gaeilge ar fáil comh maith. Faigheann an scoil ceatadán don bhrábús a dhéantar chun infheistíocht a dhéanamh in ár leabharlann scoile féin, dar bharr an caiteachas seo. Beimid ag súil le eachtra bliaintiúl a dhéanamh as an aonach as seo amach. Beidh tuilleadh eolais á roinnt againn libh níos giorra don dáta, maidir le uaireanta oscailte srl.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

A book fair will visit the school from Wednesday 5th June-Wednesday 12th June. The children and parents will have the opportunity to visit the book fair and do some shopping for the summer months. There will be a wide range of different books and plenty of Irish language books available as well. The school then receives a percentage of the profit made to invest in our school libraries. We hope to make the book fair an annual event from now on. We will share more information with you closer to the date, regarding opening hours etc.

Dúnadh scoile – Upcoming school closures

Meabhrúchán go mbeidh an scoil dúnta ar na dátaí thíos:
A reminder that school will be closed on the following dates:

- Deireadh seachtaine fada — **3 Bealtaine (May) - Dúnta don lá**
  Long weekend
- Lá saoire bainc — **6,7 Bealtaine (May) - Dúnta don 2 lá**
  May Bank Holiday
- Deireadh seachtaine fada — **31 Bealtaine (May) - Dúnta don lá**
  Long weekend
- Lá saoire bainc — **3 Meitheamh (June) - Dúnta don lá**
  June Bank Holiday
- Laetha Saoire an tSamhraidh — **26 Meitheamh (June) - Leath lá 11:50**
  Summer Holidays - Half day closure

Le gach dea-ghuí,
Orflaith